COMHAIRLE AN
AONTAIS EORPAIGH

GA

18115/11

(OR. en)

PRESSE 475
PR CO 77

# PREASEISIÚINT

3133ú cruinniú na Comhairle

## Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, Tionscal, Taighde agus an Spás)

An Bhruiséil, 5 Nollaig agus 6 Nollaig 2011

An tUachtarán **Waldemar PAWLAK**
Leas-Phríomhaire agus an tAire Gnóthaí Eacnamaíocha
**Barbara KUDRYCKA**,
An tAire Eolaíochta agus Ardoideachais

na Polainne

P R E A S

Rue de la Loi 175 B – 1048 AN BHRUISÉIL Teil.: +32 (0)2 281 8847 / 6319 Facs: +32 (0)2 281 8026
press.office@consilium.europa.eu http://www.consilium.europa.eu/Newsroom

## Príomhthorthaí na Comhairle

*Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le cur chun feidhme an* ***bheartais thionsclaíoch*** *ar fud na hEorpa.*

*Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le torthaí an chéad* ***fhóraim den mhargadh aonair*** *agus maidir leis na bealaí chun* ***measúnaithe tionchair*** *a fheabhsú le linn phróiseas reachtach an AE. Ghlac sí freisin conclúidí maidir le* ***comhar custaim le tíortha comharsanachta an Oirthir****.*

*Ghlac an Chomhairle cur chuige ginearálta i ndáil le dréacht-treoir maidir le* ***hidirnascadh clár gnó****.*

*Thug an Chomhairle dá haire cur i láthair a rinne an Coimisiún maidir le togra le haghaidh* ***Cláir um Iomaíochas agus um Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide don tréimhse 2014-2020****.*

*Lean na hairí le bunú* ***córas aontaithe um dhlíthíocht paitinní*** *a mheas i gcomhthéacs* ***chosaint aonadach paitinne*** *a chruthú. Thacaigh tromlach na dtoscaireachtaí leis an gcuspóir go ndéanfaí iarracht teacht ar chomhaontú roimh dheireadh na bliana 2011.*

*Thionóil an Chomhairle an chéad díospóireacht ghinearálta maidir leis an* ***gcreatchlár "Fíor na Spéire 2020" um thaighde agus um nuáil*** *atá le teacht don tréimhse 2014 go 2020, tar éis togra ón gCoimisiún a chur i láthair.*

*Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le* ***comhpháirtíocht i dtaighde agus i nuáil*** *agus sheol sí cúig* ***thionscnamh chomhphleanála*** *faoi na hábhair seo a leanas: "Farraigí agus aigéin a bheidh sláintiúil agus táirgiúil", "An dúshlán miocróbach - Baol nua do shláinte an duine", "Eolas faoin aeráid a nascadh don Eoraip", "An Eoraip Uirbeach - Dúshláin dhomhanda, comhréitigh Eorpacha" agus "Dúshláin uisce do dhomhan atá ag athrú".*

*Thionóil an* ***8ú Comhairle um an Spás*** *idir an AE agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa díospóireacht maidir le* ***sochair a ghabhann le spás do shlándáil na saoránach*** *agus ghlac sí rún.*

# CLÁR[1]

**RANNPHÁIRTITHE** ..... **5**

**MÍREANNA A PLÉADH**

CUR CHUN FEIDHME AN BHEARTAIS THIONSCLAÍOCH A NEARTÚ - *Conclúidí ón gComhairle* ..... 8

IDIRNASCADH CLÁR GNÓ ..... 9

FÓRAM AN MHARGAIDH AONAIR - *Conclúidí ón gComhairle* ..... 10

MEASÚNÚ TIONCHAIR SA CHOMHAIRLE - *Conclúidí ón gComhairle* ..... 17

COMHAR CUSTAIM LE TÍORTHA COMHARSANACHTA AN OIRTHIR - *Conclúidí ón gComhairle* ..... 17

CLÁR UM IOMAÍOCHAS FIONTAR AGUS FBManna (2014 - 2020) ..... 18

CÚIRT PHATAINNE AONTAITHE ..... 19

CREATCHLÁR UM THAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT: "FÍOR NA SPÉIRE 2020" ..... 22

COMHPHÁIRTÍOCHT I dTAIGHDE AGUS I NUÁIL - *Conclúidí ón gComhairle* ..... 24

CÚIG THIONSCNAMH CHOMHPHLEANÁLA A SHEOLADH - *Conclúidí ón gComhairle* ..... 24

8ú COMHAIRLE UM AN SPÁS: NA SOCHAIR A GHABHANN LEIS AN SPÁS DO SHLÁNDÁIL NA SAORÁNACH ..... 25

AON GHNÓ EILE ..... 26

**MÍREANNA EILE A FORMHEASADH**

*AN COMHSHAOL*

– Gáis cheaptha teasa agus gníomhaíochtaí sa bhreis san Iodáil ..... 34

– Mearcair mhiotalach a stóráil ..... 34

[1]
- I gcás ina mbeidh dearbhuithe, conclúidí nó rún glactha go foirmiúil ag an gComhairle, léirítear é seo sa cheannteideal don ábhar lena mbaineann agus cuirtear an téacs idir chomharthaí athfhriotail.
- Doiciméid a dtugtar tagairtí dóibh sa téacs, tá siad ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle (http://www.consilium.europa.eu).
- Gníomhartha a glacadh le dearbhuithe do mhiontuairiscí na Comhairle agus a fhéadfar a scaoileadh leis an bpobal, taispeántar le réiltín iad; tá na dearbhuithe seo ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle nó féadfar iad a fháil ón bPreas-Oifig.

*CEAPACHÁIN*

– Coiste na Réigiún ........ 34

# RANNPHÁIRTITHE

**An Bheilg:**

| | |
|---|---|
| Jean-Marc NOLLET | Leas-Uachtarán agus an tAire um Leanaí, um Thaighde agus um an Státseirbhís |
| Kris PEETERS | Aire-Uachtarán an Rialtais Phléimeannaigh agus an tAire Pléimeannach um an nGeilleagar, um Beartas Eachtrach, um Thalmhaíocht agus um Beartas Tuaithe |
| Vincent VAN QUICKENBORNE | An tAire Fiontair agus an tAire um an Simpliú Riaracháin |
| Olivier BELLE | An Leas-Bhuanionadaí |

**An Bhulgáir:**

| | |
|---|---|
| Milena DAMYANOVA | An Leas-Aire Oideachais, Óige agus Eolaíochta |
| Peter STEFANOV | An Leas-Bhuanionadaí |

**Poblacht na Seice:**

| | |
|---|---|
| Martin TLAPA | An tAire Tionscail agus Trádála |
| Ivan WILHELM | An Leas-Aire Taighde agus Ardoideachais |
| Jiří ŽÁK | An Leas-Aire Iompair |

**An Danmhairg:**

| | |
|---|---|
| Ole SOHN | An tAire Gnóthaí Gnó agus Fáis |
| Morten ØSTERGAARD | An tAire Eolaíochta, Nuála agus Ardoideachais |

**An Ghearmáin:**

| | |
|---|---|
| Max STADLER | Státrúnaí Parlaiminte don Aire Cónaidhme Dlí agus Cirt |
| Guido PERUZZO | An Leas-Bhuanionadaí |

**An Eastóin:**

| | |
|---|---|
| Jaak AAVIKSOO | An tAire Oideachais agus Eolaíochta |
| Gert ANTSU | An Leas-Bhuanionadaí |

**Éire:**

| | |
|---|---|
| John PERRY | An tAire um Gnóthais Bheaga |
| Thomas HANNEY | An Leas-Bhuanionadaí |

**An Ghréig:**

| | |
|---|---|
| Anna DIAMANTOPOULOU | An tAire Oideachais, Foghlama ar feadh an tSaoil agus Gnóthaí Reiligiúnacha |
| Andreas PAPASTAVROU | An Leas-Bhuanionadaí |

**An Spáinn:**

| | |
|---|---|
| Cristina GARMENDIA | An tAire Eolaíochta agus Nuála |
| José Pascual MARCO MARTINEZ | An Leas-Bhuanionadaí |

**An Fhrainc:**

| | |
|---|---|
| Jean LEONETTI | An tAire a bhfuil freagracht air maidir le Gnóthaí Eorpacha, a ghabhann leis an Ministre d'Etat, an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Eorpacha |
| Laurent WAUQUIEZ | An tAire Ardoideachais agus Taighde |
| Philippe LEGLISE-COSTA | An Leas-Bhuanionadaí |

**An Iodáil:**

| | |
|---|---|
| Enzo MOAVERO MILANESI | An tAire Gnóthaí Eorpacha |
| Francesco PROFUMO | An tAire Oideachais, Ollscoileanna agus Taighde |

**An Chipir:**

| | |
|---|---|
| George ZODIATES | An Leas-Bhuanionadaí |

**An Laitvia:**

| | |
|---|---|
| Roberts ĶĪLIS | An tAire Eolaíochta agus Oideachais |
| Juris PŪCE | Státrúnaí, An Aireacht Eacnamaíochta |
| Jānis BORDĀNS | An Rúnaí Parlaiminte |

**An Liotuáin:**

| | |
|---|---|
| Giedrius KADZIAUSKAS | An Leas-Aire um an nGeilleagar |
| Nerija PUTINAITE | An Leas-Aire Oideachais agus Eolaíochta |
| Arūnas VINČIŪNAS | An Leas-Bhuanionadaí |

| | |
|---|---|
| **Lucsamburg.** | |
| Jeannot KRECKÉ | An tAire Gnóthaí Eacnamaíocha agus Trádála Eachtraí |
| François BILTGEN | An tAire Dlí agus Cirt, An tAire um an Státseirbhís agus Athchóiriú Riaracháin, An tAire Ardoideachais agus Taighde, An tAire Cumarsáide agus na Meán, An tAire Gnóthaí Reiligiúnacha |
| **An Ungáir:** | |
| Zoltán CSÉFALVAY | An Státrúnaí Gnóthaí Straitéiseacha, an Aireacht um an nGeilleagar Náisiúnta |
| Olivér VÁRHELYI | An Leas-Bhuanionadaí |
| **Málta:** | |
| Jason AZZOPARDI | An Rúnaí Parlaiminte, an Aireacht Airgeadais, um an nGeilleagar agus Infheistíocht |
| Patrick MIFSUD | An Leas-Bhuanionadaí |
| **An Ísiltír:** | |
| Halbe ZYLSTRA | Státrúnaí |
| Derk OLDENBURG | An Leas-Bhuanionadaí |
| **An Ostair:** | |
| Karlheinz TÖCHTERLE | An tAire Cónaidhme Oideachais agus Taighde |
| Harald GÜNTHER | An Leas-Bhuanionadaí |
| **An Pholainn:** | |
| Waldemar PAWLAK | An LeasPhríomh-Aire, An tAire Gnóthaí Eacnamaíocha |
| Barbara KUDRYCKA | An tAire Eolaíochta agus Ardoideachais |
| Grazyna HENCLEWSKA | Leas-Státrúnaí, An Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha |
| Beata JACZEWSKA | Fo-Státrunaí, An Aireacht Comhshaoil |
| Ilona ANTONISZYN KLIK | Fo-Státrúnaí, An Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha |
| Marcin SZPUNAR | Fo-Státrúnaí, An Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha |
| **An Phortaingéil:** | |
| Álvaro SANTOS PEREIRA | An tAire Gnóthaí Eacnamaíocha agus Fostaíochta |
| Nuno CRATO | An tAire Oideachais agus Eolaíochta |
| Pedro COSTA PEREIRA | An Leas-Bhuanionadaí |
| **An Rómáin:** | |
| Constantin Claudiu STAFIE | Státrúnaí, an Aireacht um an nGeilleagar, Trádáil agus Timpeallacht an Ghnó |
| Dragos Mihael CIUPARU | Uachtarán na Gniomhaíochta Náisiúnta um Thaighde Eolaíoch |
| **An tSlóivéin:** | |
| Igor LUKŠIČ | An tAire Oideachais agus Cultúir |
| Janko BURGAR | Státrúnaí ag an Aireacht um an nGeilleagar |
| **An tSlóvaic:** | |
| Peter JAVORČÍK | An Leas-Bhuanionadaí |
| Miroslav SIVÁČEK | Ceannoifige ag an Aireacht Oideachais |
| **An Fhionlainn:** | |
| Lauri IHALAINEN | An tAire Saothair |
| Jyri HÄKÄMIES | An tAire Gnóthaí Eacnamaíocha |
| Jouni HAKALA | Státrúnaí |
| **An tSualainn:** | |
| Jan BJÖRKLUND | An LeasPhríomh-Aire, an tAire Oideachais |
| Ewa BJÖRLING | An tAire Trádála agus Gnóthaí Eachtracha |
| Håkan EKENGREN | Státrúnaí |
| **An Ríocht Aontaithe:** | |
| Banbharún WILCOX | Státrúnaí |
| David WILLETTS | An tAire Stáit Gnó, Nuála agus Scileanna (an tAire Ollscoileanna agus Eolaíochta) |
| Andy LEBRECHT | An Leas-Bhuanionadaí |

..............................................

**An Coimisiún:**

| | |
|---|---|
| Antonio TAJANI | An Leas-Uachtarán |
| Joaquín ALMUNIA | An Leas-Uachtarán |
| Neelie KROES | An Leas-Uachtarán |
| Máire GEOGHEGAN-QUINN | Comhalta |
| Michel BARNIER | Comhalta |
| John DALI | Comhalta |
| Algirdas ŠEMETA | Comhalta |

**ÍTIMÍ A PLÉADH**

**CUR CHUN FEIDHME AN BHEARTAIS THIONSCLAÍOCH A NEARTÚ - *Conclúidí ón gComhairle***

Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le cur chun feidhme an bheartais thionsclaíoch a neartú ar fud na hEorpa.

Díríonn na conclúidí ar roinnt saincheisteanna faoi bheartas tionsclaíoch ar ceart go dtabharfadh an Coimisiún agus na Ballstáit aghaidh orthu mar ábhar tosaíochta. Tá na conclúidí sin ag teacht leis an treoir pholaitiúil a chuir an Chomhairle Eorpach ar fáil i mí Dheireadh Fómhair seo caite, lena sainaithníodh roinnt tosaíochtaí lárnacha don bheartas eacnamaíoch chun fás eacnamaíoch agus cruthú post a bhaint amach.

Féadfar téacs na gconclúidí a fháil in *17851/11*.

**IDIRNASCADH CLÁR GNÓ**

Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta a bhaineann le dréacht-treoir maidir le hidirnascadh clár lárnach, clár tráchtála agus clár cuideachtaí (16968/1/11).

Leis an treoir dírítear ar fheabhas a chur ar an rochtain ar fhaisnéis atá cothrom le dáta agus iontaofa faoi chuideachtaí.

Faoin gcóras atá beartaithe, cabhróidh na ballstáit uile le go mbeidh cumarsáid leictreonach ann idir cláir agus go dtarchuirfear faisnéis chuig úsáideoirí aonair ar bhealach caighdeánaithe, trí bhíthin ábhair chomhionann agus teicneolaíochtaí idir-inoibritheacha, ar fud an Aontais. Ba cheart go n-áiritheofaí idir-inoibritheacht na gclár le faisnéis a bheadh á seachadadh ag na Ballstáit óna gclár, trí sheirbhísí a chur ar fáil a bheidh ina gcomhéadain d'ardán lárnach Eorpach. Beidh an t-ardán sin ina sraith lárnaithe d'uirlisí agus seirbhísí teicneolaíochta faisnéise, a bheidh á úsáid ag na cláir bhaile ar fad.

Beidh an Tairseach Eorpach don r-Cheartas[1] mar cheann amháin de na pointí rochtaine leictreonaí. Beidh aitheantóir uathúil ag cuideachtaí agus a mbrainsí i mBallstáit eile lena mbeifear in ann iad a aithint gan iomrall.

Le creat tacaíochta ilteangach, éascófar an rochtain ar fhaisnéis agus a húsáid do na tomhaltóirí agus do ghnóthais.

Leis an treoir atá beartaithe, ceanglófar nuashonrú a dhéanamh ar thrí cinn de threoracha atá ann anois um dhlí na gcuideachtaí:

– 89/666/CE maidir le ceanglais ar bhrainsí a osclaítear i mBallstáit eile;

– 2005/56/CE maidir le cumaisc thrasteorann de chuideachtaí faoi dhliteanas teoranta; agus

– 2009/101/CE maidir le cosaintí a chomhordú, lena n-áirithítear, i measc rudaí eile, nach féadtar rochtain a fháil ar dhoiciméid ná ar shonraí a stóráiltear sa chlár.

[1] https://e-justice.europa.eu

**FÓRAM AN MHARGAIDH AONAIR - *Conclúidí ón gComhairle***

Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le torthaí an chéad fhóraim den mhargadh aonair (FMA) a tionóladh i Kraków, an Pholainn, an 3 agus an 4 Deireadh Fómhair 2011.

Tá FMA, a d'eagraigh Parlaimint na hEorpa, an Coimisiún agus Uachtaránacht na Polainne i gcomhpháirt lena chéile, beartaithe mar thúsphointe d'ardán buan le haghaidh díospóireachta idir institiúidí an AE, geallsealbhóirí agus saoránaigh maidir le forbairt an mhargaidh inmheánaigh.

Leis na conclúidí déantar na saincheisteanna a dtugtar aghaidh orthu in "dearbhú Kraków[1]" agus a d'fhormhuinigh rannpháirtithe ag FMA a mhionshaothrú.

DÉANANN AN CHOMHAIRLE (Iomaíochas) mar a leanas:

MEABHRAÍONN SÍ DI:

na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23 Deireadh Fómhair 2011 inar léiríodh príomh-ról an Mhargaidh Aonair i ndáil le fás agus fostaíocht a chur ar fáil agus ina bhfuil sé ráite gur cheart gach iarracht a dhéanamh lena áirithiú go mbeidh comhaontú ann, faoi dheireadh 2012 maidir leis an 12 thogra tosaíochta a leagtar amach sa Ghníomh um an Margadh Aonair, agus tús áite á thabhairt do na tograí is tairbhí ó thaobh an fháis agus post[2];

na Conclúidí ón gComhairle (Iomaíochas) an 10 Nollaig 2010 maidir leis an nGníomh um an Margadh Aonair[3];

na Conclúidí ón gComhairle (Iomaíochas) an 30 Bealtaine 2011 maidir leis na Tosaíochtaí i ndáil leis an Margadh Aonair a Athsheoladh, ina ndeirtear gur cheart béim a leagan ar bhearta lena gcruthófar poist agus a mbeidh torthaí suntasacha ag baint leo do shaoránaigh agus do ghnóthais agus ina sonraítear gur gá céimeanna uaillmhianacha a thabhairt chun fíor-Mhargadh Aonair, lánfheidhmiúil, a bhaint amach, agus, thairis sin, nach mór go mbeidh bonn láidir eacnamaíoch agus sóisialta mar thaca ag an Margadh Aonair d'fhonn geilleagar sóisialta margaidh a bheidh an-iomaíoch a thógáil[4];

---

1 http://www.mg.gov.pl/files/upload/14617/20111004 THE KRAKOW DECLARATION.pdf
2 st00052/11
3 st17799/10
4 st10993/11

an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2011 "An Gníomh um an Margadh Aonair - Dhá uirlis déag chun an fás agus an mhuinín a neartú"[1];

an tuairim ó Choiste na Réigiún[2] agus an tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[3];

an rún ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Bealtaine 2010 maidir le Margadh Aonair a chur ar fáil do thomhaltóirí agus do shaoránaigh[4];

na rúin ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Aibreán 2011 maidir le "Rialachas agus comhpháirtíocht sa mhargadh aonair"[5], maidir le "Margadh aonair do mhuintir na hEorpa"[6] agus maidir le "Margadh Aonair d'fhiontair agus d'fhás"[7];

an páipéar Inmheánach Oibre ón gCoimisiún an 31 Lúnasa 2011: An Margadh Aonair trí shúile na ndaoine: Léargas ar an 20 údar imní is mó tábhacht do shaoránaigh agus don lucht gnó[8];

CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gurb é an Margadh Aonair, lena 27 mBallstát agus tuairim is 500 milliún saoránach, an t-ionad margaidh comhtháite is mó ar domhan agus gurb é is bonn d'fhás, d'fhostaíocht agus d'fholláine shaoránaigh an Aontais;

ATHDHEARBHAÍONN SÍ, in am na mórdhúshlán eacnamaíoch agus airgeadais, a gealltanas chun dlús a chur le cur chun feidhme bhunphrionsabal an mhargaidh inmheánaigh agus chun tuilleadh feabhais a chur lena fheidhmiú; maidir leis seo, CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR an gá atá le beartais uaillmhianacha, arna dtreorú ag straitéis shoiléir agus chomhtháite chun iomaíochas a chur chun cinn agus chun cur le téarnamh eacnamaíoch na hEorpa;

1 COIM(2011) 206/4.
2 CdR 330/2010-ECOS-V-009
3 INT/548-CESE525/2011
4 a glacadh an 20 Bealtaine 2010, P7_TA(2010)0186.
5 P7_TA-PROV(2011)0144 a glacadh an 6 Aibreán 2011.
6 P7_TA-PROV(2011)0145 a glacadh an 6 Aibreán 2011.
7 P7_TA-PROV(2011)0146 a glacadh an 6 Aibreán 2011.
8 SEC(2011) 1003 deireanach

FÁILTÍONN SÍ roimh Dhearbhú Kraków a thug rannpháirtithe an Chéad Fhóraim faoin Margadh Aonair a reáchtáladh i Kraków an 2-4 Deireadh fómhair 2011, a d'fhreastal ionadaithe gheallsealbhóirí uile an Mhargaidh Aonair air: gnólachtaí Eorpacha, lena n-áirítear FBManna, saoránaigh, tomhaltóirí, páirtithe sóisialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha, meithle smaointe, na meáin, Parlaimintí náisiúnta, institiúidí Eorpacha agus údaráis phoiblí ar an leibhéal lárnach, réigiúnach agus áitiúil: maidir leis seo IS MÓR AICI tionscnamh Pharlaimint na hEorpa chomh maith leis an iarracht chomónta agus leis an gcomhar le Parlaimint na hEorpa, agus leis an gCoimisiún Eorpach, ar nithe iad a chinntigh go rabhthas ábalta an t-imeacht seo, nach raibh a leithéid riamh cheana ann, a chur ar bun.

LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé idirphlé a dhéanamh a mbeidh rannpháirtithe uile an Mhargaidh Aonair páirteach ann maidir leis na húdair imní atá ann faoi láthair agus na dúshláin a bheidh ann amach anseo agus AITHNÍONN SÍ an méid a chuireann Fóram an Mhargaidh Aonair leis an díospóireacht uile-Eorpach maidir le hatreisiú thodhchaí an Mhargaidh Aonair a mbeidh rannpháirtíocht dhíreach ag gnólachtaí agus ag saoránaigh na mBallstát uile ann.

Tugann an Chomhairle dá haire toradh na gceardlann uile a tionóladh le linn an chéad Fhóraim faoin Margadh Aonair agus i bhfianaise an phlé a bhí ann maidir le todhchaí an Mhargaidh Aonair déanann sí mar a leanas i ndáil leis na nithe seo a leanas:

Cárta Eorpach do Lucht Gairme

1. TÁ SÍ ULLAMH féachaint ar Chárta Eorpach do Lucht Gairme a thabhairt isteach, a mbeidh Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ag tacú leis, agus lenar bhféadfaí soghluaisteacht trasteorann san Aontas Eorpach a chur chun cinn, go háirithe trí na nósanna imeachta aitheantais a thapú agus a shimpliú, ionas go dtabharfaí tuilleadh cinnteachta don lucht gairme agus ionas go bhfeabhsófaí an mhuinín idir na húdaráis náisiúnta, agus coimeádann sí i gcuimhne di nach foláir tuilleadh scrúdú a dhéanamh ar na costais a bhaineann leis an gcárta a fhorbairt agus a chur ar fáil;

Réiteach Díospóide Malartach agus Réiteach Díospóide ar Líne

2. LEAGANN SÍ BÉIM AN-BHÉIM GO DEO AR A THÁBHACHTAÍ ATÁ SÉ a áirithiú go mbíonn rochtain ag gnólachtaí agus ag tomhaltóirí Eorpacha a cheannaíonn earraí agus seirbhísí (ar líne, as líne, trasteorann, nó ina dtíortha féin) ar bhealach éifeachtúil, inacmhainne agus simplí chun a gcuid díospóidí le trádálaithe a réiteach, ag cur san áireamh go bhfuil éagsúlacht idir na scéimeanna éagsúla náisiúnta um Réiteach Díospóide Malartach;

3. CREIDEANN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach cur le heolas agus le tuiscint na ngnólachtaí agus na saoránach ar scéimeanna Malartacha chun Díospóidí a Réiteach ar fud na hEorpa;

4. Na córais Ar Líne chun Díospóidí a Réiteach, ar córais iad atá simplí, éifeachtach agus ar phraghas réasúnta, lena gcuirtear ar chumas na dtomhaltóirí a bhfadhbanna a réiteach ar bhealach éifeachtach agus iad ag siopadóireacht ar líne, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil siad ríthábhachtach chun muinín sa Mhargadh Aonair digiteach a fheabhsú;

"Na hIonaid Ilfhreastail"

5. IARRANN SÍ ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na hIonaid Ilfhreastail go hiomlán oibríochtúil, agus infhaighteacht, cáilíocht agus soláimhseacht na nIonad sin a fheabhsú mar thosaíocht d'fhonn trádáil trasteorann a éascú agus a chur chun cinn, chomh maith le húsáid na nIonad Ilfhreastail agus rochtain orthu a shimpliú d'fhiontraithe ó Bhallstáit eile;

6. SPREAGANN SÍ na Ballstáit forbairt ionad lánfheidhme do ríomhsheirbhísí Rialtais a chur chun cinn, lena gcuirfí ar chumas fiontraithe déileáil le nósanna imeachta riaracháin agus le foirmiúlachtaí ar líne;

7. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR A THÁBHACHTAÍ atá sé bacainní ar úsáid thrasteorann na nIonad Ilfhreastail a shárú, go háirithe trí idir-inoibritheacht agus aitheantas frithpháirteach chártaí aitheantais leictreonach, sínithe leictreonacha agus doiciméad leictreonach a fheabhsú agus trí iarrachtaí a mhéadú i leith na nIonad Ilfhreastail agus na sochair a bhaineann leo a chur chun cinn i measc saoránach agus gnólachtaí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide;

8. ADMHAÍONN SÍ na buntáistí atá le naisc a chruthú idir Ionaid Ilfhreastail agus seirbhísí eile do ghnólachtaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta lena n-áirítear Pointí Teagmhála do Tháirgí laistigh de ranna riaracháin na mBallstát, ina gcás inarb infheidhme;

Ríomhthrráchtáil

9. ADMHAÍONN SÍ go bhféadfadh an ríomhthráchtáil cuidiú go mór le fás san Eoraip agus poist a chruthú; CUIREANN SÍ IN IÚL go bhfuil muinín méadaithe na dtomhaltóirí agus na ngnólachtaí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, fíorthábhachtach chun ríomhthráchtáil trasteorann a mhéadú tuilleadh agus mar sin IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún gach iarracht a dhéanamh i gcónaí cur ar chumas ghníomhaithe uile an Mhargaidh Aonair leas a bhaint as ríomhthráchtáil agus tacú le nuáil san earnáil sin;

10. AITHNÍONN SÍ gur gá uirlisí éifeachtacha a chur ar fáil do thomhaltóirí chun a gcuid fadhbanna a réiteach agus iad ag siopadóireacht ar líne; chun reachtaíocht maidir le cosaint sonraí a nuashonrú; chun córas cóipchirt na hEorpa a nuachóiriú lena áirithiú go mbeadh buntáiste ag an Aontas ó thaobh na hiomaíochta de agus d'fhonn deiseanna a chruthú do shamhlacha nua gnó, agus, ag an am céanna, ardleibhéal cosanta á áirithiú i gcás cearta maoine intleachtúla, agus an éagsúlacht chultúrtha á cur san áireamh; chun deireadh a chur le bacainní agus le hidirdhealuithe bunaithe ar thír chónaithe na dtomhaltóirí agus chun nach gcruthófar bacainní ná idirdhealuithe nua, i gcás ina gcuirtear as d'fheidhmiú cuí an mhargaidh aonair leo; chun an reachtaíocht atá ann cheana a chur i bhfeidhm ar bhealach níos fearr;

11. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá glacadh práinneach na Teachtaireachta ón gCoimisiún maidir le ríomhthráchtáil; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, mar fhreagairt ar an togra ón gComhairle Eorpach, an treochlár a thíolacadh go gasta maidir leis an Margadh Aonair Digiteach a chur i gcrích faoin mbliain 2015, agus tosaíocht a thabhairt do thograí a bheidh dírithe ar Mhargadh Aonair Digiteach a chur chun cinn a bheidh go hiomlán comhtháite, tríd an ríomhthráchtáil agus úsáid trasteorann na seirbhísí ar líne a éascú;

<u>Oibrithe a Phostú agus cearta sóisialta bunúsacha</u>

12. CUIREANN SÍ I bhFÁTH GUR gné ríthábhachtach de mhargadh inmheánach dinimiciúil é cuidiú le cuideachtaí seirbhísí a chur ar fáil i mBallstát eile. Ba cheart, ag an am céanna, go n-áiritheofaí leibhéal leordhóthanach cosanta d'aon oibrí a chuirfí chuig Ballstát eile chun seirbhísí a chur ar fáil, agus ba cheart freisin inniúlachtaí náisiúnta a urramú;

13. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, maidir le hoibrithe a phostú, gur cheart go gcuirfí le húsáid éifeachtach na ndeiseanna a thairgtear leis an Margadh Aonair, agus timpeallacht d'iomaíochas cothrom a áirithiú agus coinníollacha oibre a fheabhsú d'oibrithe atá ar phostú ar fud an Aontais ag teacht le *acquis* atá ann cheana; IARRANN SÍ ar na Ballstáit rochtain ar fhaisnéis maidir le téarmaí fostaíochta a chur ar fáil agus neamhurramú chearta na n-oibrithe atá ar phostú a chomhrac go héifeachtach, i gcomhréir leis na rialacha maidir le hoibrithe a phostú;

14. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú, d'fhonn mí-úsáid a sheachaint, go mbeidh na rialacha maidir le hoibrithe a phostú trédhearcach agus soiléir agus, más gá, gur cheart go ndéanfaí iad a shoiléiriú ar bhealach a bheadh comhréireach agus nach gcruthódh constaicí, gan chuimhneamh air sin, maidir le seirbhísí a chur ar fáil saor in aisce, agus, ar an gcuma chéanna, gur cheart go bhfeabhsódh na Ballstáit, cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú na Treorach maidir le hOibrithe a Phostú, i gcás inarb iomchuí;

Reachtaíocht soláthair phoiblí an AE

15. FEARANN SÍ FÁILTE roimh rún an Choimisiúin na Treoracha Soláthair Phoiblí a nuachóiriú agus a shimpliú lena áirithiú go bhféadfadh an earnáil phoiblí earraí agus seirbhísí a cheannach ar bhealach trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach don luach is fearr ar airgead na gcáiníocóirí, fad a mbeidh deis mhaith chothrom ag gnólachtaí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide rochtain a bheith acu ar chonradh poiblí agus go bhfanfaidh costais idirbhearta íseal do na páirtithe ar fad lena mbaineann;

16. AITHNÍONN SÍ an gá atá le hearnáil an tsoláthair phoiblí a dhéanamh níos gairmiúla trí oiliúint níos fearr, chun úsáid ríomhsholáthair a spreagadh agus chun a chinntiú go ndéanfadh na Ballstáit rialacha soláthair phoiblí a chur chun feidhme d'fhonn cobhsaíocht agus intuarthacht an chreata dlíthiúil a áirithiú;

An bhearna faisnéise idir saoránaigh agus an Margadh Aonair a laghdú

17. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an fhaisnéis maidir leis na deiseanna a bhaineann leis an Margadh Aonair ríthábhachtach do shaoránaigh agus do ghnólachtaí, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus mar sin SPREAGANN SÍ an Coimisiún an tairseach *Leatsa an Eoraip* a fhorbairt tuilleadh i gcomhar leis na Ballstáit, ionas go gcuirfear faisnéis agus cúnamh a bheidh struchtúrtha go maith, cothrom le dáta agus praiticiúil ar fáil do gheallsealbhóirí;

18. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún comhairliúcháin phoiblí maidir leis an reachtaíocht nua a eagrú go córasach, sula gcuirfear faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle iad, i gcás inarb iomchuí, i gcomhpháirtíocht le geallsealbhóirí náisiúnta agus áitiúla; ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an AE;

19. TACAÍONN SÍ GO hIOMLÁN leis an moladh ón gCéad Fhóram faoin Margadh Aonair gur cheart go mbeadh baint níos mó ag na líonraí atá ann cheana le faisnéis agus le cúnamh a chur chun cinn maidir le teacht ar réitigh agus gur cheart go mbeadh dlúthbhaint aige leis na saoránaigh;

Rialacha an Mhargaidh Aonair a chur chun feidhme

20. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach féidir cearta an Mhargaidh Aonair a ráthú ach amháin más ann don toil polaitíochta atá riachtanach ar gach leibhéal - tiomantas láidir lena chinntiú go mbeadh na cearta éifeachtach agus éifeachtúil; TUGANN SÍ GEALLTANAS trasuíomh ceart tráthúil Threoracha an Mhargaidh Inmheánaigh a fheabhsú mar thosaíocht polaitíochta;

21. AITHNÍONN SÍ na deacrachtaí atá ag na húdaráis ar na leibhéil rialachais dhifriúla maidir le dlí an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, agus dá bhrí sin SPREAGANN SÍ dlúthchomhar maidir leis na saincheisteanna ar fad faoin Margadh Aonair idir údaráis an Aontais, údaráis náisiúnta, údaráis réigiúnacha agus údaráis áitiúla;

22. CUIREANN SÍ IN IÚL a thábhachtaí atá forfheidhmiú éifeachtach, éifeachtúil agus soiléir dhlí an Aontais ar fud an Mhargaidh Aonair chomh maith leis na huirlisí chun réiteach neamhfhoirmiúil fadhbanna a chur ar fáil do ghnólachtaí agus do shaoránaigh, amhail SOLVIT, lena dtairgtear réitigh phraiticiúla do ghnólachtaí agus do shaoránaigh; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tograí nithiúla a chruthú lena ndéanfar SOLVIT a atreisiú tuilleadh, más gá;

<u>CONCLÚID</u>

23. IARRANN SÍ AR an gCoimisiún gach ceann den 12 thogra tosaíochta a leagtar amach sa Ghníomh um an Margadh Aonair a chur chun tosaigh i gcomhréir leis an gclár ama a fhógraítear sa Ghníomh um an Margadh Aonair; IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar Pharlaimint na hEorpa, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, gach iarracht a dhéanamh lena áirithiú go mbeidh comhaontú ann maidir leis an 12 thogra tosaíochta faoi dheireadh 2012 agus lena gcuirfear dlús nua leis an Margadh Aonair;

24. TUGANN SÍ GEALLTANAS gach beart is gá a dhéanamh chun rialachas an Mhargaidh Aonair a neartú trí fhorfheidhmiú ceart, soiléir a rialacha a áirithiú ar an láthair;

25. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú rialta a dhéanamh ar staid an Mhargaidh Aonair agus tuilleadh tionscnaimh a dhéanamh chun feidhmiú an mhargaidh a fheabhsú. Is cleachtadh luachmhar i ndáil leis seo é Doiciméad Inmheánach Oibre an Choimisiúin ina liostaítear na 20 príomhchúram. Ba cheart go ndéanfaí scrúdú domhain ar na saincheisteanna a aithnítear agus ba cheart go ndéanfaí bearta iomchuí chun dul chun cinn a áirithiú sna réimsí sin a bhfuil deacrachtaí ag baint leo;

26. CUIREANN SÍ IN IÚL a thábhachtaí atá sé ócáid rialta a dhéanamh d'Fhóram an Mhargaidh Aonair, lena chur ar chumas na ngnólachtaí agus na saoránach, agus na n-údarás áitiúil agus réigiúnach baint dhíreach a bheith acu leis an Margadh Aonair a fhorbairt tuilleadh agus tionchar a bheith acu ar an bhforbairt sin;

27. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá ann obair leantach a dhéanamh maidir le torthaí an 1ú Fhóraim faoin Margadh Aonair; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún uirlisí ar líne a fhorbairt agus a úsáid mar chlár atá oscailte don phobal i gcoitinne, lena gcuirfear ar chumas ghníomhaithe uile an Mhargaidh Aonair fanacht cothrom le dáta ó thaobh fhorbairtí an Mhargaidh Aonair agus a bheith gníomhach ó thaobh an margadh a mhúnlú, agus eispéiris agus cúraimí reatha an Mhargaidh Aonair a roinnt."

**MEASÚNÚ TIONCHAIR SA CHOMHAIRLE -** *Conclúidí ón gComhairle*

Léiríodh agus pléadh roinnt tuairimí éagsúla sa Chomhairle agus ghlac sí na conclúidí atá leagtha amach i 16976/11.

**COMHAR CUSTAIM LE TÍORTHA COMHARSANACHTA AN OIRTHIR -** *Conclúidí ón gComhairle*

Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le comhar custaim le tíortha comharsanachta an Oirthir, ina ndírítear ar réimsí tosaíochta comhair, agus atá ag teacht le gealltanas an AE agus a chomharsana san Oirthear chun feabhas a chur ar an gcomhlachas polaitiúil agus ar an gcomhtháthú eacnamaíoch.

Tugtar aghaidh sna conclúidí, go háirithe ar réimsí ar leith chun comhar a fheabhsú lena n-áirítear an gá atá ann lánaí trádála sábháilte, sreabhánacha a fhorbairt; an comhrac in aghaidh na calaoise fan teorann Oirthearaí an AE agus infheistíochtaí ar nuachóiriú ar chustam.

Is féidir iad a fháil i *16881/11*

**CLÁR UM IOMAÍOCHAS FIONTAR AGUS FBManna (2014 - 2020)**

Thug an Chomhairle dá haire cur i láthair ón gCoimisiún maidir le tograí do Chlár um Iomaíochas Fiontar agus FBManna do na blianta 2014-2020 *(17489/11)*.

Tiocfaidh an "Clár um Iomaíochas Fiontar agus FBManna" i gcomharbacht ar an gcuid nach mbaineann leis an nuáil den "Creatchlár um an Iomaíochas agus an Nuáil" (CIP) atá ann faoi láthair. Beidh gach tacaíocht maidir le taighde agus nuáil do FBManna (lena n-áirítear an chuid den CIP a bhaineann leis an nuáil) san áireamh sa chreatchlár um thaighde agus nuáil "Fíor na Spéire 2020".

Díreofar an clár nua ilbhliantúil, a bhfuil buiséad iomlán EUR 2.5 billiún beartaithe dó don tréimhse iomlán, ar bhearta chun FBManna atá níos dinimiciúla agus níos iomaíche go hidirnáisiúnta a chur chun cinn.

Áireofar leis na bearta sin:

– gníomhaíochtaí chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht tionscail an AE a fheabhsú;

– ionstraimí airgeadais nuálaíochta le haghaidh fáis chun an rochtain atá ag FBManna ar mhaoiniú a éascú;

– bearta chun tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí an AE atá ag iarraidh rochtain níos fearr a fháil ar na margaí;

– gníomhaíochtaí chun fiontraíocht a chur chun cinn.

**CÚIRT PHATAINNE AONTAITHE**

Phléigh na hairí atá i mbun comhad maoine intleachtúla an beartas maidir le cúirt aontaithe um dhlíthíocht paitinní, mar chuid de phacáiste atá dírithe ar chóras paitinní a bhunú le héifeacht aontaithe lena n-áirithiú go mbeidh cosaint aonfhoirmeach d'aireagáin ar fud na hEorpa, i dteannta leis na socruithe aistriúcháin is gá.

Bhí an díospóireacht ar siúl ar bhonn pacáiste comhréitigh a dhréachtaigh an Uachtaránacht é.

Glacadh leis an gcomhréiteach i substaint don chuid is mó, ach ba léir ón díospóireacht go raibh breis oibre fós le déanamh. Tá Uachtaránacht na Polainne tiomanta do níos mó obair a dhéanamh d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le cúirt phaitinne aontaithe a chruthú roimh dheireadh 2011.

Áirítear ar eilimintí bunriachtanacha an chomhréitigh:

1. **Na Suíocháin atá ag Rannáin Lárnaigh den Chúirt Chéadchéime, ag an gCúirt Achomhairc agus ag Ionad Eadrána na bPaitinní**

   Tá an-chuid tograí déanta ag na ballstáit ar spéis leo na suíocháin a óstáil.

2. **Ranníocaíocht airgeadais ó na ballstáit a óstálann rannán áitiúil, rannán réigiúnach, Rannán Lárnach nó an Chúirt Achomhairc**

   Dhéanfadh an ballstát aíochta foráil do na saoráidí agus an trealamh is gá, don tréimhse thosaigh, don fhoireann riaracháin a bhainistiú.

3. **Ranníocaíochtaí eile airgeadais ó na Ballstáit**

   Cé gur cheart go mbeadh an cuspóir ann go mbeadh an Chúirt Phaitinne Aontaithe in ann í féin a mhaoiniú thar am, beidh ranníocaíochtaí airgeadais ag teastáil le linn na céime bunaithe, ar bhonn foirmle a bheadh cothromaithe agus trédhearcach.

**4. Teanga na n-imeachtaí**

Cé gur cheart an prionsabal a choinneáil nach féidir teanga na n-imeachtaí a bhaineann le rannán áitiúil a athrú ach amháin le comhaontú ón dá pháirtí, d'fhéadfadh páirtí iarraidh a chur faoi bhráid Uachtarán na Cúirte chun teanga na n-imeachtaí a athrú ar mhaithe le caoithiúlacht agus le cothroime.

**5. Caingne le tabhairt os comhair an rannáin lárnaigh**

An fhéidearthacht atá ann an ról atá ag an rannán lárnach a fheabhsú agus chun an rogha a thabhairt do pháirtithe caingne a thabhairt os comhair an rannáin lárnaigh maidir le sáraithe a bhaineann le roinnt ballstát in ionad iad a thabhairt os comhair rannáin áitiúil nó rannáin réigiúnaigh.

Faoin gcomhréiteach sin bheadh an rogha ag na páirtithe caingean um shárú a thabhairt os comhair an rannáin lárnaigh má tá sainchónaí ar an gcosantóir lasmuigh den AE.

**6. Líon na ndaingnithe is gá maidir le teacht i bhfeidhm**

Táthar ar aonfhocal gur cheart don Chúirt Phaitinne Aontaithe teacht i bhfeidhm a luaithe is a dhaingneofaí líon íosta ballstát an Comhaontú.

**7. Idirthréimhse**

Socrófar idirthréimhse le haghaidh paitinní Eorpacha atá "clasaiceach" gan éifeacht aonadach, inar féidir caingne a thabhairt go fóill os comhair na cúirte náisiúnta.

**8. Clásal um athbhreithniú**

Bheadh ar an gcoiste riaracháin athbhreithniú a dhéanamh ar réimse forálacha d'fhonn feidhmiú, éifeachtúlacht na Cúirte Paitinne Aontaithe a fheabhsú mar aon le héifeachtacht ó thaobh costais den chúirt sin agus caighdeán a breithiúnais.

Tagann an díospóireacht i ndiaidh an phlé a bhí ann ag cruinniú na nAirí an 29 Meán Fómhair 2011 (*féach preaseisiúint 14691/11, leathanach 9)*, ar bhonn an dréacht-chomhaontaithe chun comhchúirt phaitinní a chruthú ina n-áiritheofaí go gcomhlíonfaí conarthaí an AE. Roimhe sin, an 30 Bealtaine 2011, d'fhormhuinigh tromlach mór ballstát cúirt paitinne aontaithe a bhunú trí chomhaontú a bheadh le cur i gcrích idir na ballstáit atá lasmuigh de chreat institiúide an AE.

Le roinnt seachtainí anuas, tá comhlachtaí ullmhúcháin an AE tar éis dianobair a dhéanamh ar na codanna eile atá sa phacáiste: dhá dhréachtrialachán lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le cosaint aonadach paitinne http://register.consilium.europa.eu/pdf/en/11/st11/st11328.en11.pdf*(féach preaseisiúint 11831/11)*. Tar éis na caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa, tá comhaontú sealadach bainte amach idir an Chomhairle agus an Pharlaimint, lena n-áirítear forálacha breise chun leas na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna) maidir le cosaint aonadach paitinne a úsáid amach anseo;

Táthar ag súil go mbeidh Parlaimint na hEorpa ag vótáil ar an dá dhréachtrialachán chun cosaint aonadach paitinne a chruthú chomh maith le socruithe is infheidhme maidir le haistriúchán go luath in 2012.

**CREATCHLÁR UM THAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT: "FÍOR NA SPÉIRE 2020"**

Reáchtáil an Chomhairle díospóireacht phoiblí maidir leis an gcomhchreat straitéiseach nua um thaighde agus nuáil do 2014-2020, ar a dtugtar "Fíor na Spéire 2020". Reáchtáladh an díospóireacht tar éis cur i láthair ón gCoimisiún maidir leis an togra a eisíodh an 30 Samhain 2011 *(17932/11)*.

Tiocfaidh "Fíor na Spéire 2020" in ionad an 7ú creatchlár um thaighde (FP7), a bheidh i bhfeidhm go dtí deireadh na bliana 2013.

Bhí na hairí sásta le struchtúr foriomlán an chláir. Chuir siad réamhthuairimí in iúl maidir leis an gcreat um thaighde agus nuáil agus táthar ag súil go gcuirfidh an creat sin deireadh leis an ilroinnt sa réimse sin agus gur mó an comhleanúnachas a bheidh ann dá bharr, lena n-áirítear i gcás clár náisiúnta um thaighde.

Cuireadh béim ar roinnt gnéithe chun an forás a chur chun cinn agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha, lena n-áirítear:

– Simpliú ollmhór a bhaint amach trí struchtúr níos simplí a bheith ag an gclár, sraith aonair rialacha agus gan an oiread céanna maorlathais;

– Cur chuige uilechuimsitheach a bheadh oscailte do rannpháirtithe nua agus lena n-áiritheodh go bhféadfadh taighdeoirí agus nuálaithe den scoth ó cheann ceann na hEorpa agus níos sia ó bhaile a bheith rannpháirteach;

– Tacú níos mó leis an nuáil trí mhaoiniú comhleanúnach, gan uaim, a thabhairt ag gach céim den phróiseas, ón mbunsmaoineamh go dtí go gcuirtear ar an margadh, rud a mbeadh spreagadh díreach eacnamaíoch mar thoradh air;

– Díriú go mór ar dheiseanna gnó a chruthú, go háirithe i gcás FBManna, agus aghaidh á tabhairt ar na mórdhúshláin shochaíocha tríd an eolaíocht agus an nuálaíocht;

– Sineirgí le foinsí eile maoiniúcháin agus le hionstraimí le haghaidh taighde san Eoraip.

Comhtháthaítear "Fíor na Spéire 2020" sa choincheap reatha FP7, sa Chlár um an Iomaíochas agus an Nuáil (CIP) agus san Institiúid Eorpach um an Nuáil agus an Teicneolaíocht (EIT). Beidh dlúthbhaint aige leis na mhórdhúshláin shochaíocha, amhail sláinte, slándáil bia, fuinneamh agus an t-athrú aeráide, etc., agus beidh baint mhór aige freisin le beartas comhtháthaithe agus le forbairt na tuaithe.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún €80 billiún a leithdháileadh don tréimhse 2014-2020 i gcás chreatchlár Fíor na Spéire 2020 don chéad bhuiséad ilbhliantúil eile de chuid an AE.

I mí Feabhra 2011, d'iarr an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí cur chuige straitéiseach, comhtháthaithe a chur chun feidhme d'fhonn an nuáil a threisiú agus d'fhonn an buntáiste is mó a bhaint as caipiteal intleachtúil na hEorpa, chun tairbhe na saoránach, na gcuideachtaí - go háirithe FBManna- agus na dtaighdeoirí, faoi chuimsiú straitéis Eoraip 2020 chun fás agus poist a chruthú.

**<u>COMHPHÁIRTÍOCHT I dTAIGHDE AGUS I NUÁIL - *Conclúidí ón gComhairle*</u>**

Ghlac an Chomhairle na conclúidí maidir le comhpháirtíocht i dtaighde agus i nuáil mar atá leagtha amach in *17427/11*.

**<u>CÚIG THIONSCNAMH CHOMHPHLEANÁLA A SHEOLADH - *Conclúidí ón gComhairle*</u>**

Trí bhíthin na gconclúidí, sheol an Chomhairle na cúig thionscnamh chomhphleanála seo a leanas:

– "Farraigí agus Aigéin a bheidh Sláintiúil agus Táirgiúil",

– "An Eoraip Uirbeach - Dúshláin Uirbeacha Dhomhanda, Comhréitigh Eorpacha",

– "an tEolas Aeráide a Nascadh don Eoraip",

– "Dúshláin Uisce do Dhomhan atá ag Athrú",

– "An Dúshlán Miocróbach - Baol Nua do Shláinte an Duine".

Leagtar amach na conclúidí in *17424/11*.

**8ú COMHAIRLE UM AN SPÁS: NA SOCHAIR A GHABHANN LEIS AN SPÁS DO SHLÁNDÁIL NA SAORÁNACH**

Reáchtáladh an 8ú Comhairle um an Spás idir an AE agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA[1]) an 6 Nollaig, agus an Chomhairle Iomaíochais ar siúl.

Rinne an Chomhairle um an Spás tuairimí a mhalartú agus d'fhormheas sí na treoshuímh maidir le fiúntas an spáis agus maidir leis na sochair a ghabhann leis do shlándáil shaoránaigh na hEorpa.

Le linn na díospóireachta, d'inis na hairí dá chéile faoin taithí agus an dea-chleachtas a bhí acu ina dtíortha féin sa réimse sin agus rinne siad measúnú ar a mhéid a chuidíonn an spás le folláine agus le slándáil shaoránaigh na hEorpa. Chuir siad in iúl freisin na gníomhaíochtaí ba chóir a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na hEorpa chun an leas is mó is féidir a bhaint as na sochair a ghabhann leis an spás don tsochaí shibhialta.

Thug na hairí ar aird freisin an toradh a bhí ar an Tríú comhdháil ar spástaiscéalaíocht a reáchtáladh in Lucca, san Iodáil, an 9 agus 10 Samhain.

I ndiaidh na díospóireachta, ghlac Comhairle an AE an rún a leagtar amach in *17828/1/11*.

Tar éis an 8ú Comhairle um an Spás, thug airí an AE atá i bhfeighil ar ábhar a bhaineann leis an spás dá n-aire an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le GMES (Faireachán domhanda don chomhshaol agus don tslándáil) agus a oibríochtaí amach anseo ó 2014 ar aghaidh *(17072/11)*.

1 http://www.esa.int

**AON GHNÓ EILE**

**Tionscal**

***Tionscal na longthógála - Dála agus dearcadh***

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir le dála thionscal na longthógála san Eoraip agus maidir le hiomaíochas an tionscail sin *(17069/11)*.

***Córas REACH le haghaidh substaintí ceimiceacha***

- *Substaintí ar ábhar mór imní iad*

Thug an Chomhairle dá haire tuarascáil ón gCoimisiún a bhaineann leis an obair atá ar bun i gcónaí maidir le liosta substaintí atá inbhreithnithe mar shubstaintí ar ábhar mór imní iad, substaintí a bheidh faoi réir údaraithe amach anseo maidir lena n-úsáid *(17862/11)*.

Tá na ballstáit á ngríosú ag an gCoimisiún ionas go mbeidís gníomhach sna hiarrachtaí comhpháirteacha atá á ndéanamh substaintí nach mbaineann an chontúirt chéanna leo a úsáid in ionad substaintí ar ábhar mór imní iad, trína mholadh go gcuirfí na substaintí sin ar an liosta.

Tá údarú ar cheann den dá nós imeachta a leagtar síos le rialachán REACH lena gcuirtear srian ar úsáid substaintí ceimiceacha contúirteacha. Faoin nós imeachta sin ní bheidh cead ach ag líon beag daoine substaintí áirithe ar ábhar mór imní iad, amhail substaintí carcanaigineacha, a úsáid. Ní fhéadfar údarú a fháil ach amháin más féidir leis an úsáideoir a léiriú go bhfuil ar a chumas an tsubstaint ar ábhar mór imní í a láimhseáil i gceart nó más féidir leis a léiriú gur mó na sochair shocheacnamaíocha ná an riosca do shláinte an duine nó don chomhshaol trí leas a bheith á bhaint as an tsubstaint sin agus nach bhfuil aon substaint mhalartach oiriúnach ann. I bhfad na haimsire, i gcomhréir le REACH, beidh substaintí nach mbaineann an chontúirt chéanna leo á n-úsáid in ionad na substaintí sin a bheidh faoi réir údaraithe maidir lena n-úsáid.

- *Athbhreithniú ar an gcóras ó thaobh an iomaíochais de*

Thug an Chomhairle dá haire freisin an imní atá ar thoscaireacht na Seice agus ar thoscaireacht na Slóvaice maidir leis an tionchar atá ag an gcóras REACH ar iomaíochas thionscal ceimiceán na hEorpa.

D'iarr siad, go háirithe, go ndéanfaí measúnú ar an tionchar atá aige ar FBManna agus le féachaint an bhfuil roinnt forálacha REACH ag luí le tionscnaimh an AE chun deireadh a chur leis an rómhaorlathas agus d'iarr siad freisin go gcuirfí an toradh a bheadh ar an measúnú sin san áireamh agus an córas á athbhreithniú amach anseo.

Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ghinearálta i mí an Mheithimh 2012 maidir leis an taithí a fuarthas i ndáil le feidhmiú rialachán REACH agus más gá molfaidh sé leasuithe.

Is é is aidhm do REACH a áirithiú go mbeidh leibhéal ard cosanta ann do shláinte an duine agus don chomhshaol, go gcuirfear le hiomaíochas thionscal ceimiceán na hEorpa agus go ndéanfar an nuáil a chur chun cinn.

***Athchóiriú ar an gcaighdeánú***

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i gcás an dréachtrialacháin atá dírithe ar chaighdeánú san Eoraip a nuachóiriú *(16982/11)*.

Is é is aidhm don rialachán, *inter alia*, na nósanna imeachta atá ann cheana a shruthlíniú ionas gur féidir le heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin chomhchuibhithe a ghlacadh tar éis sainorduithe ón gCoimisiún.

Reáchtáladh an chéad díospóireacht idir na hairí an 29 Meán Fómhair maidir leis an gcóras Eorpach um chaighdeánú a athchóiriú. D'aontaigh na hairí ar an mórgóir gur cheart go mbeadh ról níos mó ag caighdeáin Eorpacha, chun tairbhe gheilleagar an AE, agus d'aontaigh siad gur gá samhail caighdeánaíochta a mhúnlú, a d'fhéadfaí a chur in oiriúint do na coinníollacha a bhíonn ag síor-athrú trína chinntiú go mbeadh sí níos solúbtha.

Sa teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal "Fís straitéiseach do chaighdeáin Eorpacha" (*11471/11*) agus sa dréachtrialachán maidir le caighdeánú Eorpach (*11300/1/11*), leagtar síos bunús na ndíospóireachtaí ar athchóiriú a bheidh ann amach anseo.

***Turasóireacht: Cruinniú neamhfhoirmiúil na n-airí - an fóram Eorpach***

Thug an Chomhairle dá haire an toradh a bhí ar chruinniú neamhfhoimiúil na n-airí agus ar an bhFóram Eorpach um Thurasóireacht a tionóladh in Kraków, an Pholainn, ón 5 go 7 Deireadh Fómhair *(17070/11)*.

Bhí díospóireacht na n-airí bunaithe ar an teideal "An Eoraip a chur chun cinn i dtríú tíortha: an comhar trasnáisiúnta a threisiú idir an Coimisiún Eorpach, ballstáit an AE (agus tíortha is iarrthóirí) agus a n-eagraíochtaí náisiúnta turasóireachta, i gcomhar le Coimisiún Turasóireachta na hEorpa".

Is é a bhí mar théama ag an bhfóram: "Iomaíochas a spreagadh in earnáil na turasóireachta san Eoraip".

Bhí dhá phríomhábhar a bhain leis an iomaíochas á bplé ag geallsealbhóirí turasóireachta na hEorpa: "An bunachar eolais socheacnamaíoch i leith na turasóireachta a chomhdhlúthú" agus "An nuáil agus teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a fhorbairt i leith na turasóireachta". Bhí ról "na Faireachlainne Fíorúla Turasóireachta" agus "an Chláir TFC agus Turasóireachta" mar uirlisí straitéiseacha chun beartas turasóireachta a fhorbairt á bplé leis mar phríomhábhar díospóireachta.

***Tionscnamh na bpríomh-mhargaí agus comhpháirtíochtaí nuála***

Thug an Chomhairle dá haire an toradh a bhí ar sheimineár beartas maidir le cur chun feidhme thionscnamh na bpríomh-mhargaí agus chomhpháirtíochtaí nuála na hEorpa, a reáchtáladh i Vársá an 26 agus 27 Deireadh Fómhair *(17071/11)*.

Le linn an tseimineáir díríodh ar dhá rud: cur chun feidhme thionscnamh na bpríomh-mhargaí agus an tionchar a bheidh aige ar iomaíochas thionsclaíocht na hEorpa agus ar spriocanna Eoraip 2020 chun fás agus poist a chruthú; agus an méid atá i ndán don tionscnamh amach anseo, ó tharla go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún é a chomhtháthú i gcomhpháirtíochtaí nuála na hEorpa, ar coincheap nua atá iontu.

http://en.lmiwarsaw.pl/seminar.html

***Suirbhé bliantúil fáis don bhliain 2012***

Ar iarratas ó thoscaireacht na Gearmáine, rinne an Coimisiún cur i láthair beacht maidir lena theachtaireacht "Suirbhé bliantúil fáis don bhliain 2012", a eisíodh an 23 Samhain *(17229/11)*.

Leis an suirbhé bliantúil fáis don bhliain 2012, seoltar an seimeastar Eorpach um rialachas eacnamaíoch 2012. Beidh an suirbhé mar bhunús chun an chomhthuiscint is gá a chothú maidir leis na tosaíochtaí do ghníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE don bhliain atá romhainn, agus ba cheart go gcuirfí leis sin faisnéis ar fáil do chinntí náisiúnta eacnamaíocha agus buiséadacha.

## An Margadh Inmheánach

***An Gníomh um an Margadh Aonair - an Treoir um Sheirbhísí - staid an chuir chun feidhme***

Thug an Coimisiún mionteagasc do na hairí maidir le staid chur chun feidhme an Ghnímh um an Margadh Aonair.

Thíolaic an Coimisiún a theachtaireacht dar teideal "An Gníomh um an Margadh Aonair" i mí Aibreáin 2011, ina bhfuil dhá cheann déag de ghníomhartha tosaíochta chun cur leis an bhfás agus leis an muinín sa mhargadh inmheánach agus ar cheart don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa a ghlacadh faoi dheireadh na bliana 2012.

Cuireadh sé thogra faoi bhráid na reachtóirí cheana féin (maidir leis an gcóras aonadach paitinní, le caighdeánú, le cánachas fuinnimh, le treoracha cuntasaíochta a shimpliú, le líonraí tras-Eorpacha agus le réiteach malartach díospóide). Cuirfear ceithre thogra faoina mbráid roimh dheireadh na bliana 2011 agus tíolacfar an dá cheann eile (ríomhúdarú/ríomhshíniú agus oibrithe a phostú) le linn an chéad dá mhí de 2012.

Thug an Coimisiún an t-eolas is deireanaí maidir le staid chur chun feidhme na treorach um sheirbhísí. Go dtí seo, rinne 24 ballstát í a thrasuí sa dlí náisiúnta.

***Rialacha an AE a athchóiriú maidir le státchabhair i gcás seirbhísí a bhfuil leas eacnamaíoch coiteann ag baint leo***

Thug an Chomhairle dá haire na húdair imní a bhí ag toscaireacht na Fraince maidir le dréacht-tograí chun na rialacha um státchabhair, a bunaíodh in 2005, a athbhreithniú, ar rialacha iad is infheidhme maidir le seirbhísí a bhfuil leas eacnamaíoch coiteann ag baint leo *(17856/11)*.

Baineann na húdair imní sin le hinbhuanaitheacht na ndréacht-tograí chun simpliú agus soiléiriú a dhéanamh ar na rialacha atá ann agus le hoiriúnacht an nós imeachta a roghnaigh an Coimisiún.

Cuireadh na húdair imní sin in iúl freisin i litir chomhpháirteach a chuir údaráis na hOstaire, na Gearmáine, na hUngáire, na Fraince, Lucsamburg, na hÍsiltíre agus na Spáinne chuig an gCoimisiún an 18 Samhain 2011.

***Maoin intleachtúil: tuarascálacha ar thrí chomhad atá faoi scrúdú***

Thug na hairí ar aird an dul chun cinn a rinneadh maidir le trí chomhad atá á scrúdú ag comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle i réimse na maoine intleachtúla:

– dréacht-treoir maidir le saothair dhílleachta a chosaint (*17864/11*).

– dréachtrialachán maidir le cúraimí áirithe a bhaineann le maoin intleachtúil a chosaint a chur mar chúram ar an Oifig um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach *(17865/11)*. agus

– dréachtrialachán maidir leis an bhforghníomhú a dhéanann údaráis chustaim ar chearta maoine intleachtúla.

***Beartas Tomhaltóirí***

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair a rinne an Coimisiún maidir leis na hábhair seo a leanas:

– *an clár um thomhaltóirí 2014-2020*

Mí na Samhna seo caite, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh dréachtrialacháin maidir le clár um thomhaltóirí do 2014-2020. Cuirfear an clár nua um thomhaltóirí, a mbeidh buiséad de EUR 175 milliún aige, in ionad chlár 2007-2013 i réimse an bheartais tomhaltóirí.

– *Réiteach Díospóide Malartach agus Réiteach Díospóide ar Líne*

Thug an Coimisiún cur i láthair ar dhá thogra reachtacha a tíolacadh an 29 Samhain 2011: dréacht-treoir maidir le Réiteach Díospóide Malartach (ADR) agus dréachtrialachán maidir le Réiteach Díospóide ar Líne (ODR).

Is é an aidhm atá leis creat coiteann a chruthú i gcás ADR i mballstáit an AE trí phrionsabail choiteanna ADR a leagan síos agus trí chuidiú le ADR a chruthú sna ballstáit sin nach ann dó. Ba cheart go bhféadfadh an ADR atá ann cheana feidhmiú laistigh den chreat sin. I gcomhréir leis an treoir maidir le ADR, molann an Coimisiún sásra ODR freisin lena mbunófaí clár Eorpach do réiteach díospóide ar líne (is éard a bheidh ann láithreán gréasáin idirghníomhach a mbeidh teacht air go leictreonach agus a bheidh saor in aisce i dteangacha uile an Aontais).

Bunaíodh scéimeanna ADR, nó "meicníochtaí lasmuigh den chúirt" mar a thugtar orthu freisin, ar fud na hEorpa chun cabhrú le saoránaigh atá ag iarraidh díospóidí a réiteach ach nár éirigh leo iad a réiteach go díreach leis an trádálaí. Forbraíodh na meicníochtaí sin ar bhealaí éagsúla ar fud an AE, go poiblí nó go príobháideach, agus tá difríocht mhór idir stádas na gcinntí a ghlacann na comhlachtaí sin.

Idir an 18 Eanáir agus an 15 Márta 2011, thug an Coimisiún comhairliúchán poiblí chun críche maidir leis an ábhar sin.

– *Scórchlár an Mhargaidh Tomhaltóirí*

Thug an Coimisiún achoimre *(17794/11)* ar an séú heagrán den scórchlár " Na margaí a chur ag obair do thomhaltóirí", a foilsíodh mí Dheireadh Fómhair seo caite *(15961/11)*.

Is é Scórchlár an Mhargaidh Tomhaltóirí príomhuirlis an Choimisiúin chun earnálacha den mhargadh aonair a shainaithint nach mbeadh ag cruthú chomh maith céanna, agus cuireadh tús leis an scórchlár sin in 2008.

Cuirtear formhór de shonraí an scórchláir ar fáil trí shuirbhé ar 51 mhargadh tomhaltóirí, arb ionann iad agus breis is 60% de bhuiséad an teaghlaigh (ní chlúdaítear tithíocht, oideachas ná formhór na dtáirgí míochaine ná na seirbhísí míochaine).

**Taighde**

***Clár Euratom le haghaidh taighde núicléach (2012-2013)***

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón Uachtaránacht maidir leis na chéad chéimeanna eile chun bailchríoch a chur, roimh dheireadh na bliana 2011, ar an síneadh ar "Chlár Euratom 2012-2013" a bhaineann le taighde ar fhuinneamh comhleáite agus le cosaint ó eamhnú núicléach agus ón radaíocht.

Baineann creatchlár Euratom le gníomhaíochtaí taighde i ndáil le fuinneamh núicléach (comhleá agus eamhnú) agus i ndáil le cosaint ón radaíocht. Cuirtear i bhfeidhm é trí chinntí lena suitear gníomhaíochtaí indíreacha agus díreacha, agus trí rialachán lena leagtar amach na rialacha maidir le rannpháirtíocht gnóthas, ionad taighde agus ollscoileanna i ngníomhaíochtaí indíreacha.

An 28 Meitheamh, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta chun síneadh a chur le creatchlár Euratom i ndáil le taighde núicléach do 2012 agus do 2013 *(12161/11)*.

An 30 Meán Fómhair, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le cur chuige gineáralta don chuid eile de phacáiste Euratom: dhá chinneadh a bhaineann le cláir shonracha agus rialachán lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht.

***Nósanna imeachta i gcláir taighde na hEorpa a shimpliú***

Thug an Chomhairle dá haire na moltaí a thug an grúpa neamhfhoirmiúil airí um shimpliú, ina thuarascáil críochnaitheach ar rialacha agus nósanna imeachta i gcláir taighde agus nuála na hEorpa a shimpliú *(17727/11)*.

***Aosú gníomhach agus folláin - Comhpháirtíocht Eorpach um Nuáil***

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón gCoimisiún maidir leis an treoirthionscadal do Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuáil i ndáil le haosú gníomhach agus folláin *(17658/11)* agus an plean cur chun feidhme a ghabhann leis (*17854/11)*.

Is í an Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuáil i ndáil le haosú gníomhach agus folláin an chéad treoirthionscadal i gcás an chuir chuige nua atá beartaithe ag an gCoimisiún d'fhonn dlús a chur leis an nuáil agus leis an dul chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin shochaíocha, sa chás seo an dúshlán a bhaineann le daonra na hEorpa a bheith ag dul anonn in aois.

***Taighde talmhaíochta i ndáil le táirgeadh inbhuanaithe bia***

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ó thoscaireacht na hUngáire maidir leis an obair leantach ar chomhdháil dar teideal "Athrú go tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe bia agus srian orainn ó thaobh acmhainní", a tionóladh i mBúdaipeist an 4 agus an 5 Bealtaine 2011 *(17855/11)*.

***Beartas comhtháthaithe***

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis i scríbhinn ón gCoimisiún maidir le comhlántacht an bheartais chomhtháthaithe a bheidh ann amach anseo le hionstraimí eile agus le cláir maoiniúcháin eile an AE *(17990/11)*.

***Clár oibre Uachtaránacht na Danmhairge***

Thug toscaireacht na Danmhairge eolas do na hairí faoin gclár oibre maidir le hiomaíochas ó Uachtaránacht na Danmhairge don chéad leath de 2012.

I réimse an mhargaidh inmheánaigh agus i réimse na tionsclaíochta, is é a bheidh mar cheann de na príomhthosaíochtaí forbairt a dhéanamh ar an dá thionscnamh déag atá mar chuid den Ghníomh um an Margadh Aonair.

I réimse na taighde, cuirfidh uachtaránacht na Danmhairge dlús leis na hullmhúcháin atá á ndéanamh maidir leis an gcreatchlár ilbhliantúil um thaighde agus nuáil "Fíor na Spéire 2020".

## MÍREANNA EILE A FORMHEASADH

### *AN COMHSHAOL*

#### Gáis cheaptha teasa agus gníomhaíochtaí sa bhreis san Iodáil

Chinn an Chomhairle gan cur i gcoinne ghlacadh an chinnidh ón gCoimisiún i ndáil le gáis cheaptha teasa bhreise agus gníomhaíochtaí breise a bheith curtha isteach go haontaobhach ag an Iodáil sa scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas[1] *(16132/11)*.

Tá an cinneadh ón gCoimisiún faoi réir an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú. Anois ó tharla go bhfuil a toiliú tugtha ag an gComhairle, féadfaidh an Coimisiún an cinneadh sin a ghlacadh mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne.

#### Mearcair mhiotalach a stóráil

Ghlac an Chomhairle treoir maidir le critéir shonracha chun mearcair mhiotalach a mheastar ar dramhaíl é a stóráil *(16085/11)*.

Leis an treoir, leasaítear treoir 1999/31/CE maidir le líonadh talún le dramhaíl. Caithfidh na ballstáit cloí le forálacha na treorach sin faoin 15 Márta 2013.

### *CEAPACHÁIN*

#### Coiste na Réigiún

Cheap an Chomhairle A.E. (Anne) BLIEK-DE JONG, J.C. (Co) VERDAAS, P.G. (Piet) DE VEY MESTDAGH, W.B.H.J. (Wim) VAN DE DONK, W.H. (Hester) MAIJ agus R.E. (Ralph) DE VRIES, (An Ísiltír) mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún don chuid eile den téarma oifige reatha, a mhairfidh go dtí an 25 Eanáir 2015. *(17667/11)*

---

[1] IO L 275, 25.10.2003.